Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2024/2624

22.4.2024

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 28 Feabhra 2024 – Mincu Pătraşcu Brâncuşi v Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh**

**(Cás T-385/23)** ([1])

***(Caingean le haghaidh neamhniú – Cinneadh ó Bhuan-Dhlísheomra Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh cás a thabhairt chun breithiúnais – Airteagal 42(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2017/1939 – Gníomh nós imeachta Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh – Easpa dlínse)***

(C/2024/2624)

*Teanga an cháis: an Rómáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Constantin Mincu Pătraşcu Brâncuşi (Búcairist, an Rómáin) (ionadaithe: A. Şandru agus M.-A. Ion, Dlíodóirí)

*Cosantóir :* Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (ionadaithe: L. De Matteis, F.-R. Radu agus E. Farhat, Gníomhairí)

**Ábhar**

Trína chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí an cinneadh ón Deichiú Buan-Dhlísheomra d’Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh an 8 Nollaig 2022, lenar tarchuireadh an cás a bhaineann leis chun breithiúnais, ar neamhní.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don chaingean.

2) Ní gá rialú a dhéanamh ar na hiarratais ar idiragairt ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh, ón gCoimisiún Eorpach, ó Pharlaimint na hEorpa agus ó European Criminal Bar Association (ECBA).

3) Ordaítear do Constantin Mincu Pătraşcu Brâncuşi a chostais féin, chomh maith leis na costais arna dtabhú ag Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, a íoc, ach amháin na costais a bhaineann leis na hiarratais ar idiragairt.

4) Ordaítear do Mincu Pătraşcu Brâncuşi, an Chomhairle, an Coimisiún, an Pharlaimint agus ECBA a gcostas féin, a bhaineann leis na hiarratais ar idiragairt, a íoc.

([1]) IO C 321, 11.9.2023.